Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Aibreán 2026
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0271(COD)**

**8021/1/26**
**REV 1 ADD 1**

**CODEC 606**
**TRANS 200**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 **(an chéad leamh)**<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráiteas |

**D'iarr an Coimisiún go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Tá sé ráite ag an gCoimisiún go bhfuil sé ar intinn aige measúnú a dhéanamh ar na sineirgí atá ann idir cúraimí agus inniúlachtaí Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) a bunaíodh faoi chuimsiú a sainordaithe reatha faoi Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus faoi chuimsiú na gceanglas maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme d'fhonn tacaíocht ERA a lorg i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an obair ullmhúcháin le haghaidh reachtaíocht thánaisteach agus le monatóireacht ar fheidhmíocht. Tugann an Coimisiún dá aire i ndáil leis sin gur féidir sonraí a bhailíonn ERA agus ar a ndéanann sé monatóireacht laistigh dá shainordú reatha, chomh maith le huirlisí anailíse ERA, a úsáid freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid na hacmhainneachta, chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na hearnála iarnróid, agus chun tacú le hullmhú na reachtaíochta tánaistí, agus ar an gcaoi sin dúbailt bailithe sonraí, stórála sonraí agus uirlisí anailíse a sheachaint, de mheon an tsimplithe agus na rialála níos fearr.